# Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Meán Fómhair
2019

# An Clár Ábhar

**An Réamhrá** **4**

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta 4

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh 5

Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe 6

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích 7

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh 8

Measúnuithe Rangbhunaithe sa Léann Clasaiceach 8

An Tasc Measúnaithe 9

Measúnú Rangbhunaithe 1: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* 9

Na chéad chéimeanna eile: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* 21

**Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair** 21

Measúnú Rangbhunaithe 2, (snáithe 2): *An Róimh, croílár impireachta* 24

Na chéad chéimeanna eile: *An Róimh, croílár impireachta* 33

An Tasc Measúnaithe 34

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair 35

Measúnú Rangbhunaithe 2, snáithe 3: *Punann teanga an scoláire* 37

Na chéad chéimeanna eile: *Punann teanga an scoláire* 48

An Tasc Measúnaithe 48

Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair 50

Aguisín A: Nóta Machnaimh an Scoláire 47

Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair 48

Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuarascáil an Éascaitheora 52

# An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe,*

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- sonraí faoin Tasc Measúnaithe sa Léann Clasaiceach agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí agus leis na *Treoirlínte le haghaidh Measúnú agus Tuairisciú* don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair agus faoi ghnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirlínte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ag https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Classics/?lang=ga-ie. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrach nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar don Léann Clasaiceach, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hAthbhreithniú ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais,* agus *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d’obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D’fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D’fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B’fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte d'obair scoláirí a fhoilsítear ar *curaclam ar líne* le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán obair an scoláire, agus é d'aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an dá Mheasúnú Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tabhairt faoin taighde agus é a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire tabhairt faoi na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus a spreagann é. I gcás gach Measúnú Rangbhunaithe, spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar do na measúnuithe a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht* agus *Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* ó CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte do na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- cloí leis na socruithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

D’fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnaithe amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú
- tacaíocht a chur ar fáil don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, ar nós, mar shampla, an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht na dteicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## Measúnuithe Rangbhunaithe sa Léann Clasaiceach

Tugann an scoláire faoi dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Léann Clasaiceach. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse ama sonraithe le linn am teagmhála ranga de réir amchláir náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) san fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach agus www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/. Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Léann Clasaiceach. Tugtar breac-chuntas ar théamaí na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach i dTábla 1 thíos.

<table>
<tr><th>Measúnuithe Rangbhunaithe</th><th>Leagan amach</th><th>Ullmhúchán an scoláire</th></tr>
<tr><td>MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1:<br>Ag úsáid miotas don scéalaíocht</td><td>Formáidí éagsúla<br>Grúpa, beirt nó ar bhonn aonair</td><td>Le linn tréimhse a mhairfidh 3 seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir</td></tr>
<tr><td colspan="3">I dteannta le Measúnú Rangbhunaithe 1, tugann an scoláire faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 i ndáil le snáithe 2 nó snáithe 3 thíos</td></tr>
<tr><td>Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 2):</td><td>Taifead</td><td>Le linn tréimhse a mhairfidh 3 seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **An Róimh, croílár impireachta** | Grúpa, beirt nó ar bhonn aonair | |
| | **NÓ** | |
| **Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 3):**<br><br>**Punann teanga an scoláire** | Rogha trí théacs<br><br>Ar bhonn aonair | Le linn tréimhse a mhairfidh 3 seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir |

**Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh an Léinn Chlasaicigh**

D'fhéadfadh an scoláire tosú ag cuimhneamh ar théamaí féideartha do na Measúnuithe Rangbhunaithe go gairid roimh an tréimhse trí seachtaine ina dtugtar faoin obair ar na measúnuithe.

### An Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn am ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit sa Léann Clasaiceach. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus baineann sé leis an bhfoghlaim a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe uirthi. I gcás an Léinn Chlasaicigh seo Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 2): *An Róimh, croílár impireachta* **nó** Measúnú Rangbhunaithe 2 (snáithe 3): *punann teanga an scoláire,* ag brath ar an snáithe a bhfuil staidéar á dhéanamh aige air. Tugtar breac-chuntas ar shonraí an Taisc Measúnaithe i dTábla 2 thíos, agus tá tuilleadh eolais i gcodanna deireanacha na dtreoirlínte seo.

| | **Leagan amach** | **Ullmhúchán an scoláire** | **Curtha i gcrích** |
|---|---|---|---|
| **An Tasc Measúnaithe** | Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil | Beidh an Tasc Measúnaithe nasctha le *An Róimh, croílár impireachta* (Measúnú Rangbhunaithe 2, snáithe 2) nó *punann teanga an scoláire* (Measúnú Rangbhunaithe 2, snáithe 3) | Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích sa tríú bliain |

**Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Measúnú Rangbhunaithe 2**

## Measúnú Rangbhunaithe 1: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*

I Measúnú Rangbhunaithe 1, fiosróidh an scoláire cuspóir an mhiotais mar fhoirm agus mar mheán scéalaíochta agus taispeánfaidh sé torthaí a bhfiosraithe i mód dá rogha féin. Is ón bhfocal Gréigise

*mythos,* a chiallaíonn scéal, a thagann an focal miotas. Tugann *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* deis don scoláire taithí phearsanta a fháil ar an domhan clasaiceach tríd an scéalaíocht agus an miotas a fhiosrú, agus béim faoi leith ar mhiotas a bhfuil spéis faoi leith aige féin ann. Trína smaoineamh agus a thuiscint ar an miotas roghnaithe sin a fhorbairt, feabhsaítear léirthuiscint an scoláire ar ról na scéalaíochta agus an mhiotais sa domhan clasaiceach, chomh maith lena thuiscint ar an staid dhaonna agus ar an gcaoi ar fágadh miotais agus scéalta le hoidhreacht do ghlúnta i ndiaidh a chéile mar chuid dá n-oidhreacht.

Chun críocha an Mheasúnaithe Rangbhunaithe sin, tá sé úsáideach smaoineamh ar an scéalaíocht agus ar mhiotas mar choincheapa discréideacha, cé go bhfuil dlúthcheangal eatarthu. Déanfaidh an scoláire tábhacht an mhiotais sa domhan clasaiceach a fhiosrú agus smaoineoidh sé ar na buntáistí agus na cuspóirí a bhaineann le miotas a úsáid mar mhodh scéalaíochta. Déanfaidh sé machnamh ar ról na scéalaíochta mar chuid den chultúr agus den saol sa domhan ársa agus déanfaidh sé luach siombalach an mhiotais a mheas, ní hamháin i ndomhan na Gréige agus na Róimhe, ach i gcultúir eile chomh maith. Déanfaidh sé iniúchadh ar na gnéithe a bhaineann le miotas ar insíodh go maith é, an chaoi a bhforbraítear miotas agus a n-ullmhaítear é le cur i láthair lucht éisteachta agus cén chaoi a gcumas scéalaíochta a fhorbairt agus a bheachtú.

**Creataí coincheapúla an mhiotais a fhiosrú**

Agus nádúr an mhiotais á mheas, tá sé úsáideach roinnt creataí coincheapúla ginearálta a fhiosrú a fhéadann cabhrú linn le hanailís agus plé a dhéanamh ar mhiotas.  Áirítear leo sin coincheapa na miotas mar:

- scéalta cosmagnaíocha, eadhon sainchuntais chultúrtha ar bhunú nó ar bhunús na cruinne agus na daoine a bhfuil cónaí orthu inti, déithe, daoine agus ainmhithe san áireamh
- suíomhanna a bheith acu ar minic gur suíomhanna príomhordúla iad (.i. ag baint le tús an ama) agus carachtair iontu atá próta-dhaonna nó ina ndéithe, nó ar daoine daonna iad ach a bhfuil cáilíochtaí nó tréithe fordhaonna acu
- bunús na ngnéithe ábhartha tábhachtacha den chultúr as a dtagann siad a fhiosrú, mar bhia, deoch, tithíocht, talmhaíocht, iompar.
- scéalta beannaithe, a bhaineann le smaointe agus creidimh faoin Diagacht, deasghnátha agus searmanais
- ord sóisialta agus luachanna tábhachtacha cultúir a léiriú agus a cheistiú
- bealach a léiriú ar an nádúr a thuiscint agus smaointe a eagrú, mar shampla, ó thaobh déachtanna amhail solas agus dorchadas, lá agus oíche, maith agus olc, dia agus duine, bean agus fear

- iniúchadh a dhéanamh ar smaointe, thaghdanna, gníomhartha agus tréithe na laochra (mar phróta-dhaoine, figiúir fhordhaonna nó déithe) atá ag streachailt le coimhlint nó le cruachás a ligeann do chultúir smaoineamh faoi nádúr agus faoi thábhacht bheatha an duine (an 'riocht daonna')
- scéalta 'frithfhíorasacha' ina bhfeictear carachtair agus suíomhanna nach léiríonn gnáth-thaithí an duine

Tá na creataí sin ceaptha le cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar ról agus ar chuspóir miotas agus níl siad ceaptha le bheith uileghabhálach. Má chuireann scoláire ar de bhunadh tíre eile é a mhuintir in iúl go bhfuil spéis faoi leith aige i miotais agus i bhfinscéalta na háite as a dtagann sé féin nó a mhuintir a fhiosrú, d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé le léirthuiscint agus tuiscint níos fearr ar dhifríocht agus éagsúlacht sa rang agus sa tsochaí a chothú.

Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo ina aonar, le scoláire amháin eile nó i ngrúpa. Nuair a oibríonn scoláirí i gcomhar lena chéile, ba chóir do gach scoláire páirt a ghlacadh sa phróiseas taighde agus cur i láthair. Moltar go socrófaí líon na scoláirí i ngrúpa chun go mbeidh gach duine sa ghrúpa in ann cur go stuama leis an obair. Cuirfidh gach scoláire nóta machnaimh aonair i gcrích.

Nóta: Tá creataí coincheapúla an mhiotais a bhfuil sampla díobh thuas curtha in oiriúint ó https://faculty.gcsu.edu/custom-website/mary-magoulick/defmyth.htm

**Na Torthaí Foghlama ar a bhfuil Measúnú Rangbhunaithe 1: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht bunaithe***

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an ábhar a roghnófar. Tá nasc soiléir, áfach, idir *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* agus na torthaí foghlama i Snáithe 1: An chroí-chomhpháirt: miotas. Leagtar amach thíos na torthaí foghlama sin:

| **Snáithe 1** | **An Chroí-chomhpháirt: Miotas** |
|---|---|
| **Gné** | **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** |
| 1.1 | léiriú físiúil a chruthú den mhiotas a bhfuil an téama, móitíf nó teachtaireacht is fearr leis ann agus é seo a roinnt lena chomhscoláirí |
| 1.2 | an chaoi a léirítear déithe/bandéithe agus laochra/banlaochra i bhfoinsí físiúla a fhiosrú |
| 1.3 | scrúdú a dhéanamh ar theicnící scéalaíochta agus nósanna a bhaineann le plota agus carachtair a fhorbairt de réir mar a úsáidtear i scéalta miotasacha iad |
| 1.4 | feidhmiú mar scéalaí trí mhiotais a athinsint ina fhocail féin ag úsáid stór focal agus stíl chuí |

| | | |
|---|---|---|
| 1.5 | comhoibriú lena chomhscoláirí chun miotas nó scéal a chruthú, ag cuimhneamh ar na nósanna cuí agus ar na teachtaireachtaí atá le cur in iúl | |
| **Gné** | **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** | |
| 1.6 | móitífeanna, téamaí, luachanna agus teachtaireachtaí na miotas a fhiosrú | |
| 1.7 | dearcthaí i leith nósanna inscne agus gnéis a léirítear i miotais a phlé | |
| 1.8 | pointí lárnacha agus na pointí is fearr leis an scoláire ó na miotais a roghnú, agus cinntí agus gníomhartha na gcarachtar ag na pointí sin a mheas | |
| 1.9 | a aithint go mbíonn leaganacha difriúla de mhiotais ann agus an chúis atá leis na difríochtaí sin a fhiosrú | |
| 1.10 | nathanna cainte a bhaineann le miotais Ghréagacha agus Rómhánacha a aithint agus iad a úsáid go cuí i gcomhthéacsanna eile (mar shampla, *teannán Aichill*, *cófra Phandóra*) | |

Déanfaidh gach scoláire na torthaí foghlama atá liostaithe thuas a fhiosrú mar a bhaineann siad le Snáithe 1, ar croí-shnáithe é.  Ina theannta sin, déanfaidh an scoláire staidéar ar Shnáithe 2 nó ar Shnáithe 3.  Rachaidh na scoláirí siúd a dhéanann staidéar ar Shnáithe 2 i ngleic le torthaí foghlama sa rang a bhaineann le *Domhan Aichill*.  D'fhéadfadh sé gur mian leo gnéithe den snáithe sin a fhiosrú agus iad ag obair ar *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* agus tá an rogha acu é sin a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, maidir le haon scoláire a dhéanfaidh staidéar ar Shnáithe 3, agus dá bhrí sin nach nglacfaidh sé páirt i Snáithe 2 sa rang, d'fhéadfadh sé gur mian leis fós tagairt do *Dhomhan Aichill* agus an scóip á meas dá chur chuige, mar go bhféadfadh go mbeadh na torthaí foghlama ina leidí nó ina smaointe luachmhara. Leagtar amach thíos na torthaí foghlama sin mar seo a leanas:

| **Snáithe 2** | **Comhpháirt an Léinn Chlasaicigh: Domhan Aichill** |
|---|---|
| **Gné** | **Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** |
| 2.1 | cúlra miotasach Chogadh na Traí a mhíniú |
| 2.2 | seifteanna agus teicnící filíochta a bhaineann le filíocht eipice a léiriú le samplaí (mar shampla, buafhocail, samhlacha, caint leataoibh, athrá) |
| 2.3 | na príomhláithreacha a bhaineann leis an *Íliad* agus a chúlra stairiúil a shainaithint ar mhapa |
| 2.4 | punann de phríomhcharachtair ón *Íliad* a chruthú i gcomhar lena chomhscoláirí |
| 2.5 | iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear carachtair ón *Íliad* i bhfoinsí físiúla (mar shampla vásaí agus dealbha ársa, péintéireachtaí agus scannáin nua-aoiseacha) |
| 2.6 | léiriú na laochra san *Íliad* a chur i gcomparáid le léiriú na ndaoine nár throid ach a raibh tionchar ag Cogadh na Traí orthu (mar shampla, tuismitheoirí, mná agus searbhóntaí) |
| **Gné** | **Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** |

2.7 cinntí agus gníomhartha Aichill a mheas i gcomparáid le cinntí agus gníomhartha laochra eile san *Íliad*

2.8 coincheapa agus focail Ghréigise choitianta a bhaineann le heipic Hóiméir a aithint (mar shampla, *timé, kleos, aidós, areté, pathos*)

2.9 an caidreamh idir na déithe/bandéithe agus na daoine daonna san *Íliad* a fhiosrú


2.10 cód onóra a chruthú do laochra/banlaochra nua-aoiseacha le tagairt do chód Hóiméir

2.11 plé a dhéanamh ar fhoinsí ársa eile ina bpléitear le fearg (mar shampla, Arastatal, Plútarc, Seinice) agus an chaoi a ndéileáiltear leis an mothúchán sin san *Íliad* a chur i gcomparáid

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *Ag úsáid Miotas don scéalaíocht*

Leagtar amach i bhFíor 1 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé leis an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích.

*Fíor 1: An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 1 a dhéanamh*




Is faoin scoláire atá sé téama a roghnú dá thaighde a bhaineann le *Ag úsáid Miotas don scéalaíocht,* de réir na treorach a leagtar síos sna treoirlínte seo agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Is é an réasúnaíocht leis sin gur féidir leis an scoláire taighde a dhéanamh ar ábhar a bhfuil sé fiosrach faoi i ndáiríre agus a spreagfaidh freagairt bharántúil agus phearsanta.

**Cuir chuige fhéideartha i leith *Ag úsáid miotas don scéalaíocht***

I gcomhar leis an múinteoir, tá neamhspleáchas ag an scoláire chun an cur chuige a roghnú le haghaidh *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach atá i liosta na gcur chuige féideartha thíos, ach léiriú ar an gcaoi a bhfuil éagsúlacht agus samhlaíocht mhór ann maidir leis na cuir chuige a roghnódh scoláire. Féadfaidh an scoláire a roghnú:

- dráma a dhéanamh de mhiotas

- leagan nua de mhiotas a scríobh
- a mhiotas féin a scríobh
- miotas nó finscéal ata ann cheana a oiriúnú
- cartún nó úrscéal grafach a chruthú bunaithe ar mhiotas
- miotas a chur in iúl go físiúil
- díriú ar nóiméad áirithe i miotas nó ar phríomhchinneadh nó ar bheart lárnach a dhéanann carachtar
- treoirlínte chun scéalta a insint a chur i láthair

| **Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 1, ba cheart don scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:**<br>• *Taighde* a dhéanamh ar chineálacha difriúla miotas agus scéalta chomh maith leis na tréithe nó na gnéithe tábhachtacha a bhaineann leo<br>• Miotas a *roghnú* i gcomhairle leis an múinteoir (agus le comhscoláirí, de réir mar is cuí) agus an miotas sin a fhiosrú leis féin, le comhscoláire eile nó i ngrúpa<br>• Cur chuige a *cheapadh* chun scéal an mhiotais atá roghnaithe aige a insint, ag cuimhneamh ar ghnásanna na scéalaíochta éifeachtaí agus ar na hionchais a bhaineann le miotas<br>• Torthaí a fhiosraithe *a thaispeáint* i bhfoirm a chuireann in iúl go héifeachtach teachtaireacht bhunúsach an mhiotais atá roghnaithe aige ar bhealach cumhachtach agus speisialta |
|---|

## Ag ullmhú: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → An leibhéal gnóthachtála a chinneadh → Na chéad chéimeanna eile

**Ullmhúchán an scoláire**

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire a bhaineann le téamaí na miotaseolaíochta agus na scéalaíochta i Snáithe 1: Miotas agus an Saol laethúil sula dtugann siad faoin gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe, *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*. Ba cheart go mbeadh eolas curtha acu ar chuid de na luachanna, na dearcthaí agus na meonta a bhaineann le ról na miotaseolaíochta sa domhan ársa. Ba cheart go dtacódh eispéiris fhoghlama sa staidéar ar ghnéithe de Shnáithe 2 nó de Shnáithe 3 freisin le cumas an scoláire tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama sna snáitheanna go léir, a bhíonn ar bun go leanúnach, forbraíonn agus taispeánann an scoláire scileanna a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi *Ag úsáid miotas don scéalaíocht.* Nuair a thagann an deis chun cinn, ba chóir an scoláire a spreagadh le naisc a dhéanamh idir na comhthéacsanna a thagann chun cinn san obair ranga agus nádúr an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Beidh taithí dá leithéid mar thacaíocht aige le dul i ngleic le *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus dá chéim foghlama.


Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire freisin meastóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus foghlaim ó am go chéile le linn a chuid staidéir, mar shampla, trí nótaí pearsanta, irisí machnaimh nó plé ranga lena chomhscoláirí agus an múinteoir. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach ag an bpróiseas chun é a chur i gcrích agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go gcuirfeadh an scoláire eolas ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**

Caithfidh pleanáil cláir an mhúinteora eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Mheasúnaithe Rangbhunaithe i gcrích, ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh. Ba chóir don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1, eolas a chur orthu seo a leanas:

- Sonraíocht do Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí
- Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí.

## An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*




Cuirfear *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint.

Baineann na ceithre leibhéal leis an gcoincheap de thionscadal a thógáil ó cheapadh go cur i gcrích. Tá sé beartaithe maidir leis an gcumas smaoineamh a chumadh, plean a cheapadh dá fhorbairt agus an plean a chur i gcrích, go dtacóidh sé le foghlaim an scoláire sa Léann Clasaiceach agus freisin ó thaobh roinnt príomhscileanna a shealbhú atá ag croílár na sraithe sóisearaí. Freisin beidh an próiseas sin mar bhunús do rannpháirtíocht i Measúnú Rangbhunaithe 2.

Tá na ceithre chéim sin daingnithe sa smaoineamh go ndéanann an scoláire coincheap a thógáil ó cheapadh go cur i gcrích, mar atá leagtha amach i bhFíor 2 a leanann:




*Fíor 2: Próiseas an scoláire chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Ag úsáid miotas don scéalaíocht*

1. ***An scóip a mheas***

Is é 'an scóip a mheas' an chéad chéim in oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe. Is é atá i gceist leis ná an raon leathan ábhair a d'fhéadfadh an bunús a thabhairt do thionscadal a fhiosrú. Agus a chuid oibre a thosú ar an mbealach sin, déanfaidh an scoláire suirbhé ar thraidisiúin shaibhre agus éagsúla na miotaseolaíochta Gréagaí agus Rómhánaí ionas gur féidir leis miotas a shainaithint a spreagann a spéis nó a mhúsclaíonn a fhiosracht. Áireofar leis an raon de mhiotais atá le fiosrú iad siúd a tháinig chun cinn sa rang agus miotais a bhféadfadh sé gur tháinig siad trasna orthu trí léitheoireacht agus thaighde níos leithne. Ba chóir dó tionscadail fhéideartha a phlé lena chomhscoláirí, an múinteoir

agus, má tá sé ag obair mar chuid de bheirt/i ngrúpa, leis na scoláirí eile. Is féidir le leabharlanna agus foinsí ar líne a bheith ina bhfoinsí luachmhara eolais. Tar éis dó téama nó ábhar a shocrú is féidir leis an scoláire tosú ag fiosrú na ngnéithe nó na dtréithe áirithe den mhiotas ar chuir sé spéis iontu.

Má tá scoláirí ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair. Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire a bhíonn páirteach sa ghrúpa nóta beacht dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé féin le hobair an ghrúpa. Déanfaidh an scoláire nóta den mhéid a chuir sé féin leis an obair sa taispeántas (feic thíos) agus i nóta machnaimh an scoláire.

2. ***Cruth a chur air***

Sa chéim 'cruth a chur air' den Mheasúnú Rangbhunaithe, díreoidh an scoláire ar a chuid smaointe a fhorbairt faoin miotas atá roghnaithe aige chomh maith lena chur chuige ina leith. Is é atá i gceist leis sin ná tréithe agus gnéithe an mhiotais atá roghnaithe acu a shainaithint, a bhféadfadh gnéithe den mhéid seo a leanas bheith ina measc:

- Fiosrú meafarach ar an ointeolaíocht: cé muid? Cén fáth a bhfuilimid anseo? Cén chúis atá leis an saol?
- Míniú ar an domhan nádúrtha agus cén chaoi ar tháinig sé chun cinn
- Carachtair ar minic nach daoine daonna iad, m.sh. déithe, bandéithe, neacha osnádúrtha
- Suíomh i ndomhan malartach nó samhlaithe
- Idirghníomhú idir an domhan seo agus domhan difriúil
- Léiriú ar imeachtaí a sháraíonn dlíthe nádúrtha nó atá difriúil leis an saol laethúil
- Míniú cosmagnaíoch nó meitifisicúil ar an gcruinne
- Léiriú ar shraith luachanna maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn daoine, teaghlaigh agus pobail agus an chaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú lena chéile
- Múscailt na diagachta nó na naofachta agus an chaoi a mbíonn daoine daonna ag dul i ngleic leis an naofacht

3. ***Beachtú***

Agus a chuid oibre á beachtú, déanfaidh an scoláire machnamh ar an gcaoi a gcuirfear a chuid oibre i láthair. Is féidir leis an scoláire modh ar bith, nó meascán modhanna, a roghnú chun a chuid oibre a chur i láthair; chun críocha na dtreoirlínte seo, úsáidfear an téarma 'taispeántas'. Mar sin, cuirfidh an scoláire a thorthaí i láthair i bhfoirm **taispeántais**. Baintear úsáid as an téarma i gciall leathan agus ba cheart a thuiscint go gcuimsíonn sé raon leathan de mhodhanna um chur i láthair, mar shampla, téacs

scríofa, script dráma, fillteán nó leabhrán taispeántais, úrscéal grafach, cartún, gearrscannán, léiriú drámata, cur i láthair ó bhéal, formáid dhigiteach/formáidí digiteacha, grianghraif, íomhánna, amlínte, taifeadtaí fuaime nó closamhairc, eiseamláiriú/eiseamláirithe, déantúsá(i)n.

Moltar go measfadh an scoláire go cúramach an chúis a bhfuil modh áirithe taispeántais in úsáid aige agus modh nó meascán modhanna a roghnú a thacóidh lena chuid oibre a thaispeáint go héifeachtach.

Má tá an scoláire ag obair mar chuid de bheirt/ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar a ról féin agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an taispeántas. Ba cheart do gach scoláire a chur in iúl cén chuid/chodanna den taispeántas ar oibrigh sé air/orthu, ionas gur féidir leis an múinteoir an méid a chuir sé leis an taispeántas a mheasúnú.

Ag an gcéim seo freisin ba cheart go ndéanfaí roinnt gnásanna agus teicnící a bhaineann leis an scéalaíocht éifeachtach a mheas agus ba cheart don scoláire feasacht orthu siúd a léiriú agus a chuid oibre á cur i láthair aige. I measc gnéithe a bhféadfaí a mheas tá na cinn seo a leanas agus beidh siad éagsúil de réir an mhodha/na modhanna cuir i láthair atá á úsáid:

***Mo mhiotas féin a chruthú/ miotas reatha a chur in oiriúint:***

- Cad é an cuspóir nó an teachtaireacht/ceacht bunúsach a bpléifear leis i mo scéal?
- Cén plota a bheidh ann?
- Cén chaoi a bhforbrófar carachtair? Cén spreagadh a bheidh acu?
- Má tá gné fhísiúil ag baint le mo thaispeántas (cartún, mar shampla), cén chaoi a bhforbróidh mé na híomhánna?

***An scéal a insint leis an rang/an scéal a léiriú don rang trí aisteoireacht/gearrscannán nó píosa fuaime a chruthú:***

- Cé na teicnící scéalaíochta a úsáidfidh mé?
    - spontáineacht (.i. an scéal a fhoghlaim ach ní gá é a chur de ghlanmheabhair, bheith in ann freagairt do fhreagairt an lucht éisteachta)
- Cé na teicnící drámaíochta a úsáidfidh mé?
    - luas, teannas, béim, athrá, sos
- Cé na scileanna béil a úsáidfidh mé?
    - fuaim, urlabhairt, teilgean, guthanna difriúla le haghaidh carachtar difriúil, dialóg
- Cé na scileanna fisiciúla a úsáidfidh mé?
    - gluaiseacht agus suíomh, iompar an choirp, geáitsíocht, gothaí gnúise

- Cén chaoi a gcoimeádfaidh mé mo lucht éisteachta i gcuimhne?
    - scileanna cumarsáide - feasacht stíle, rogha teanga
    - céadfaí an lucht éisteachta a spreagadh: íomhánna grinne a fheiceáil, braistint, boladh, tadhall, éisteacht

Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtairgtear na leideanna sin mar shamplaí de chuir chuige agus nach mbainfidh siad go léir le hobair scoláire. Beidh inúsáidteacht na leideanna sin ag brath ar an modh cuir i láthair a úsáidfear.

**_4._ Taispeáint**

Is gné riachtanach é an próiseas machnaimh den obair ar *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* ionas gur féidir leis an scoláire smaoineamh faoin bhfoghlaim a tharla, idir an t-ábhar féin agus an próiseas a roghnaíodh. Moltar go dtaifeadfadh an scoláire a thuairimí nó smaointe faoin bpróiseas agus faoin bhfoghlaim agus é ag dul i ngleic leis an tionscadal thar imeacht na dtrí seachtaine. D'fhéadfadh taispeántas an scoláire cuid dá mhachnaimh ar an taithí bheith ag úsáid miotas don scéalaíocht a chuimsiú, na deiseanna agus dúshláin a bhí aige.

Cuirfidh gach scoláire nóta machnaimh i gcrích, a chuirfear faoi bhráid an mhúinteora. Áit a raibh an scoláire ag obair i ngrúpa nó le comhscoláire, is ionann an nóta a líonadh isteach agus dearbhú an scoláire faoin ról a bhí aige sa mheasúnú. Tá nóta machnaimh mar aguisín leis na treoirlínte seo.

### Ag cur le cartlann/taifead na miotas agus na scéalta

Tugann an Measúnú Rangbhunaithe seo deis don scoláire machnamh a dhéanamh agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi ar lean miotais ar aghaidh agus gur tháinig siad chun bheith mar chuid den oidhreacht chultúrtha agus den chomhchuimhne de réir mar a cuireadh ar aghaidh i bhfoirm scríofa nó mar chuid de thraidisiún béil iad. Tugann an Measúnú Rangbhunaithe seo deis don scoláire bheith páirteach sa traidisiún seo trína chuid oibre a chur leis an taifead stairiúil. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, féadfar moladh don scoláire a thaispeántas a thabhairt do leabharlann nó iarsmalann áitiúil, go buan nó ar iasacht, nó é a chur i láthair grúpa nó cumann áitiúil staire. Féadfaidh an scoláire a thaispeántas a bhronnadh ar a scoil freisin nó ar bhunscoil áitiúil b'fhéidir.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*

Ullmhúchán → An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích → **An leibhéal gnóthachtála a chinneadh** → Na chéad chéimeanna eile

**Na Gnéithe Cáilíochta**

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora in *Ag úsáid Miotas don Scéalaíocht*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta thíos na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire. Ceapadh na Gnéithe Cáilíochta agus tagairt iontu do na torthaí foghlama ar a bhfuil *Ag Úsáid Miotas don Scéalaíocht* bunaithe.


| **Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Rangbhunaithe 1 - *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*** | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léiríonn an taispeántas feasacht thar a bheith forbartha ar chuspóir agus ar phríomhghnéithe na scéalaíochta miotasaí<br><br>Úsáidtear gnásanna agus teicnící scéalaíochta ar chaighdeán den scoth sa taispeántas<br><br>Tá cruth agus struchtúr foriomlán an taispeántais an-spéisiúil ó thaobh a úrnuachta, a chruthaitheachta agus a chomhleanúnachais de |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Léiríonn an taispeántas feasacht dhea-fhorbartha ar chuspóir agus ar phríomhghnéithe na scéalaíochta miotasaí<br><br>Úsáidtear gnásanna agus teicnící scéalaíochta ar chaighdeán ard sa taispeántas<br><br>Tá cruth agus struchtúr foriomlán an taispeántais áititheach ó thaobh a úrnuachta, a chruthaitheachta agus a chomhleanúnachais de |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh | Léiríonn an taispeántas feasacht mhaith ar chuspóir agus ar phríomhghnéithe na scéalaíochta miotasaí |

| | |
|---|---|
| agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Úsáidtear gnásanna agus teicnící scéalaíochta ar chaighdeán maith sa taispeántas<br><br>Tá cruth agus struchtúr foriomlán an taispeántais oiriúnach ó thaobh a úrnuachta, a chruthaitheachta agus a chomhleanúnachais de |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Léiríonn an taispeántas easpa feasachta ar chuspóir agus ar phríomhghnéithe na scéalaíochta miotasaí<br><br>Ní úsáidtear gnásanna ná teicnící scéalaíochta ar chaighdeán maith sa taispeántas<br><br>Tá cruth agus struchtúr foriomlán an taispeántais easnamhach ó thaobh a úrnuachta, a chruthaitheachta agus a chomhleanúnachais de |

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe athbhreithnithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

## Na chéad chéimeanna eile: *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*




**Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí

rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Coinneoidh gach scoil nó gach roinn aonair atá ag plé leis an ábhar sampla beag ón obair a chuirtear isteach chun tacú le próiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar le haghaidh *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir Léinn Chlasaicigh amháin, mura bhfuil ach múinteoir Léinn Chlasaicigh amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Coinneoidh an múinteoir samplaí arís den saothar le haghaidh *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus ar líne ar https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá.

**Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh *Ag úsáid miotas don scéalaíocht* a úsáid le tacú le foghlaim na staire. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas faoi láidreachtaí obair an scoláire, agus faoi réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú lena fhoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ar https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim.

### Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar *Ag úsáid miotas don scéalaíocht*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

## Measúnú Rangbhunaithe 2, (snáithe 2): *An Róimh, croílár impireachta*

Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, cuirfidh an scoláire taifead le chéile ar an gcuairt a shamhlaíonn sé a thug sé ar fhoirgneamh poiblí i gcathair na Róimhe a bhaineann le gníomhaíocht fóillíochta nó le ceannaire polaitiúil nó le himpire ábhartha.

Tugann staidéar ar an ealaíon agus an ailtireacht léargas sainiúil do scoláire an domhain chlasaicigh ar go leor gnéithe den domhan sin. Trí dhul i ngleic le gnéithe éagsúla den chultúr ársa físiúil agus ábhartha, is féidir leis an scoláire léargas domhain a fháil ar an gcineál saoil a bhí ag muintir an domhain ársa, ar na luachanna agus na creidimh a spreag iad, agus ar an gcineál sochaí a chruthaigh agus a chothaigh siad le himeacht ama.

Sa chomhthéacs sin, tugann Measúnú Rangbhunaithe 2: *An Róimh, croílár impireachta* deis don scoláire taighde a dhéanamh ar nádúr agus ar thábhacht an bhonneagair fhisicigh i gcathair na Róimhe trí iniúchadh mionsonrach a dhéanamh ar fhoirgneamh lárnach amháin atá le roghnú ó na cineálacha éagsúla foirgneamh, struchtúr agus láithreán a bhfuil cur amach againn orthu, lena n-áirítear ionaid riaracháin, foirgnimh fhóillíochta, struchtúir mhíleata agus leachta cuimhneacháin.

Chun críocha an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, cuimsíonn an téarma 'foirgneamh' struchtúr, ionad nó spás poiblí, ach *níor cheart* go mbeadh sé ar cheann de na foirgnimh a ndearnadh staidéar air mar chuid d'obair ranga an scoláire agus é i mbun staidéir ar Shnáithe 2: Comhpháirt Staidéar an léinn chlasaicigh: *An Róimh, croílár impireachta.* Is é an réasúnaíocht leis sin go dtugtar deis don scoláire taighde a dhéanamh go neamhspleách ar ábhar a bhfuil sé fiosrach faoi i ndáiríre agus a spreagfaidh é chun freagairt bharántúil agus phearsanta a chruthú agus é ag doimhniú a thuisceana ar an domhan clasaiceach agus ar thábhacht na hailtireachta agus an chultúir ábhartha chun teacht ar bhreithiúnais maidir le muintir agus sochaí an domhain sin.

Chun críche an mheasúnaithe rangbhunaithe seo, mar a tharla i Measúnú Rangbhunaithe 1, tá neamhspleáchas ag an scoláire chun ábhar staidéir a roghnú. Is féidir oiriúnacht an fhoirgnimh a roghnaítear a thomhas i dtéarmaí shuntasacht an fhoirgnimh dár dtuiscint staire, nó sa chaoi a raibh tábhacht an fhoirgnimh ábhartha i stair níos leithne na cathrach. Ba chóir an t-ábhar a roghnú i gcomhar leis an múinteoir, a d'fhéadfadh comhairle a chur ar an scoláire maidir le chomh hoiriúnach is atá an foirgneamh a roghnaíodh don taighde.

Cuirfear an taighde i láthair i bhfoirm taifid a rinneadh ar chuairt shamhlaithe ar an bhfoirgneamh ag an scoláire i ról taistealaí (ina aonar nó le compánaigh) a d'fhág a bhaile beag faoin tuath don lá agus a bhfuil sceitimíní air cuairt a thabhairt ar chathair mhór na Róimhe. Ba cheart go mbeadh baint ag an bhfoirgneamh roghnaithe le gníomhaíocht fóillíochta, nó le ceannaire nó impire polaitiúil ábhartha, ionas go bhféadfar na ceangail sin a fhiosrú sa taifead atá le cur le chéile. Féadfaidh an scoláire a thaifead a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Ach, ba cheart go mbeadh mionsamhail nó léiriú físiúil eile leis an taifead, ag tacú leis an gcur síos a dhéantar ar an struchtúr, ar an bhfearann agus ar sheomraí éagsúla an fhoirgnimh de réir eispéireas an chuairteora.

Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe ina aonar, le scoláire amháin eile, nó le grúpa. Ach, is é an ról a bhí ag an scoláire féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú. Déanfaidh an scoláire machnamh freisin ar an bpróiseas taighde agus ar an ábhar trí nóta machnaimh a scríobh.

Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le hobair an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2: *An Róimh, croílár impireachta.*

Baineann an Measúnú Rangbhunaithe seo go leathan leis na torthaí foghlama i Snáithe 2: Comhpháirt Staidéar an léinn chlasaicigh: *An Róimh, croílár impireachta.* Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an ábhar a roghnófar:

| **Snáithe 2: An Róimh, croílár impireachta** |
|---|
| **Gné: Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú** |
| 2.12 cineálacha ailtireachta poiblí Rómhánach a shainaithint (mar shampla, uiscerian, áirse an bhua, amfaitéatar, folcadáin)<br>2.13 feidhmeanna agus leasanna trí fhoirgneamh nó spás phoiblí roghnaithe a scrúdú<br>2.14 é féin a shamhlú ag ócáid nó ag gníomhaíocht a bhaineann le gach ceann de na trí shuíomh a roghnaíodh, agus tráchtaireacht a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú agus cén fáth agus ar a bhfuil i láthair<br>2.15 comhoibriú lena chomhscoláirí chun léiriú den fhoirgneamh nó suíomh Rómhánach is fearr leo a chruthú<br>2.16 téarmaí coitianta a bhaineann le hailtireacht Rómhánach a shainaithint agus a mhíniú (mar shampla, thermae, portico, capital, aqueduct, dome) |
| **Gné: Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú** |
| 2.17 stair, sochaí agus an saol poiblí sa Róimh a fhiosrú trí fhoirgnimh, struchtúir agus spásanna poiblí<br>2.18 gairmeacha agus spriocanna polaitiúla na bpearsan stairiúil a choimisiúnaigh na foirgnimh, struchtúir nó spásanna roghnaithe a iniúchadh<br>2.19 foirgneamh Rómhánach a chur i gcomparáid le foirgneamh atá ina cheantar áitiúil |

| |
|---|
| 2.20 díospóireacht a dhéanamh ar thairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla foinsí fianaise stairiúla (mar shampla, ealaín, ailtireacht, inscríbhinní agus litríocht) |


**Snáithe 2: Comhpháirt an Léinn Chlasaicigh: An Róimh, croílár impireachta**

**NB:** <u>Níor</u> chóir go roghnófaí ceann amháin de na trí fhoirgneamh a ndearnadh staidéar orthu maidir leis na torthaí foghlama 2.12 agus 2.13 thuas chun críocha Measúnaithe Rangbhunaithe 2, an Róimh, croílár impireachta.

# Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *An Róimh, croílár impireachta*

Leagtar amach i bhFíor 3 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé leis an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.

*Fíor 3: An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh*




**Ábhair a d'fhéadfaí a roghnú don taighde**

Tá dhá thosaíocht ag baint leis *An Róimh, croílár impireachta*:

- Deis a thabhairt don scoláire taighde neamhspleách a dhéanamh
- Scileanna cumarsáide agus comhoibrithe an scoláire a fhorbairt

Ba cheart na tosaíochtaí sin a choimeád i gcuimhne agus an scoláire i mbun an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Agus é ag ullmhú le tabhairt faoin obair, ba cheart deis a thabhairt don scoláire téamaí a mheas don taighde mar:


- an ról nó an méid a chuireann foirgneamh le gné d'fhorbairtí tábhachtacha i stair na Róimhe
- ról duine thábhachtaigh, amhail an ceannaire polaitiúil nó an t-impire ag an am, i gcoimisiúnú agus i dtógáil an fhoirgnimh
- an ról a bhí ag an bhfoirgneamh agus ag na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl ann i saol polaitiúil, sóisialta, cultúrtha, reiligiúnach nó míleata na Róimhe

- an t-eolas a fhéadann feidhm an fhoirgnimh a thabhairt dúinn faoin gcineál saoil a bhí ag na daoine a d'úsáid é.

Moltar don scoláire réimse leathan d'ábhair fhéideartha a mheas agus ní gá dó é féin a shrianadh do na tréimhsí stairiúla atá clúdaithe le linn a chuid oibre ranga. Leis an mbéim ar thaighde neamhspleách ba chóir go spreagfaí an scoláire bheith samhlaíoch ina fhiosrú.

| |
|---|
| **Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, ba cheart don scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:**<br>• Smaoineamh taighde a roghnú i gcomhar leis an múinteoir agus comhscoláirí<br>• Cur chuige i leith an taighde a mheas, lena n-áirítear príomhcheisteanna taighde a shainaithint, foinsí féideartha fianaise a shainaithint; agus an áit a mbeadh na foinsí sin a shainaithint<br>• A thorthaí taighde a chur i láthair i bhfoirm taifid, a roghnófar ó leaganacha amach éagsúla, agus fís nó samhail in éineacht leis<br>• Machnamh ar an bpróiseas a rinneadh agus ar a chonclúidí faoin ábhar |

## Ag ullmhú: *An Róimh, croílár impireachta*




**Ullmhúchán an scoláire**

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir gaolmhara sa chúrsa Léinn Chlasaicigh (Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: Miotas; Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: An saol laethúil agus Snáithe 2: Comhpháirt Staidéar an léinn chlasaicigh: Domhan Aichill; Snáithe 2: Comhpháirt 1 an léinn chlasaicigh: An Róimh, croílár impireachta) sula dtugtar faoin dara Measúnú Rangbhunaithe, *An Róimh, croílár impireachta.* Ba chóir go mbeadh an deis aige roimhe sin machnamh a dhéanamh ar chuid de na luachanna, dearcthaí agus meonta a chuir bonn faoi go leor gnéithe a bhain le nádúr agus le ról na bhfoirgneamh poiblí sa tSean-Róimh. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama thar gach snáithe staidéir, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna rialta ag an scoláire

chun scileanna a fhorbairt agus a thaispeáint a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: *An Róimh, croílár impireachta* ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus dá chéim foghlama. De bharr fhócas na hoibre sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, beidh tábhacht faoi leith le deiseanna chun coincheap na tábhachta stairiúla a fhiosrú maidir le nádúr na bhfoirgneamh féin agus na daoine poiblí a raibh baint acu leo chun tacú le taighde an scoláire don mheasúnú rangbhunaithe seo.


Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire freisin meastóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus foghlaim ó am go chéile i rith a chuid oibre, mar shampla, trí nótaí pearsanta, irisí machnaimh nó plé ranga lena chomhscoláirí nó leis an múinteoir. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go gcuirfeadh an scoláire eolas ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**


Ba cheart don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2, eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht do Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí
- Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí.

## An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *An Róimh, croílár impireachta*




Cuirfear *An Róimh, croílár impireachta* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint. Leagtar amach na ceithre chéim sin i bhFíor 4 thíos:




Fíor 4: Próiseas an scoláire chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: *An Róimh, croílár impireachta*

Tá an próiseas forbartha ceithre-chéime atá leagtha amach thíos ceaptha le tacú leis an scoláire chun smaoineamh a thabhairt ar aghaidh ó cheapadh go cur i gcrích. Beidh taithí ag an scoláire ar an gcur chuige sin tar éis dó tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 sa dara bliain. Moltar go bhfuil an próiseas sin cuí i Measúnú Rangbhunaithe 2 freisin, áit a bhfuil an scoláire ag tabhairt faoi thaighde neamhspleách. Is féidir leis an bpróiseas cabhrú leis scileanna agus luachanna tábhachtacha an taighde a thuiscint, lena n-áirítear:

- Réamheolas a mheas agus suirbhéireacht a dhéanamh ar réimsí féideartha fiosraithe
- Ceisteanna taighde a fhorbairt chun an cur chuige a threisiú i dtreo ábhar a shainaithint
- Tábhacht an mheoin fhiosraigh a léirthuiscint agus an t-am atá thart á cheistiú
- Na foinsí agus na cineálacha éagsúla fianaise faoin am atá thart a thuiscint
- Buanna agus teorainneacha na gcineálacha difriúla fianaise a léirthuiscint
- Leagan amach oiriúnach a shainaithint le fionnachtana an taighde a chur i láthair ann
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas bheith ina thaighdeoir agus ar na léargais a fuarthas/an méid a foghlaimíodh.



**Fíor 5**

1. **An scóip a mheas**

**Ba chóir na pointí seo a leanas a mheas:**

Is é atá i gceist leis an scóip a mheas ná suirbhé leathan a dhéanamh ar an raon ábhair óna bhféadfaí ábhar a shainaithint chun críocha staidéir níos spriocdhírithe. Chun críocha Measúnaithe Rangbhunaithe 2, is é a bheidh i gceist leis ná an raon foirgneamh poiblí sa tSean-Róimh a mheas agus ceann amháin le roghnú astu. Agus aird ar an mbéim ar fhiosrú atá mar bhonn agus taca ag staidéar agus taighde staire, spreagtar an scoláire le hábhar a staidéir a bheachtú ach ceisteanna a cheapadh a thagraíonn do ghné de shaol nó de ghairm bheatha a fhoirgnimh roghnaithe. Áirítear leis na ceisteanna a d'fhéadfadh cabhrú le bonn eolais a chur faoi raon feidhme don ábhar a mheas, i measc ceisteanna eile:

- Cén réamheolas atá agam agus mé ag tosú ar mo thionscadal? Cé na cineálacha foirgneamh a bhfuilim feasach orthu tar éis an staidéir ranga atá déanta agam go dtí seo? Céard atá ar eolas agam faoina gcuid cuspóirí agus feidhmeanna cheana féin?
- An ndéanfaidh mé an tionscadal liom féin nó an mbeidh mé ag comhoibriú le comhscoláire nó i ngrúpaí?
- Cén t-eolas cúlra atá agam faoi chomhthéacs níos leithne m'ábhair?
- Cén chaoi a ndéanfaidh mé fócas an staidéir níos cúinge? An bhfuil cineál sonrach foirgnimh ann atá spéisiúil dom agus ar mhaith liom a fhiosrú? An féidir liom mo staidéar a bheachtú le paraiméadair dhátaí?
- An bhféadfainn díriú ar imeacht nó ócáid faoi leith a tharla i bhfoirgneamh?
- An bhfuil ceannaire nó impire áirithe a bhféadfainn díriú air agus a threoróidh mé chuig foirgneamh a bhaineann leis an duine sin?

2. **Cruth a chur air**

Is taithí luachmhar foghlama é an próiseas a bhaineann le foinsí ábhartha a aimsiú agus faisnéis a fháil uathu. I measc na gceisteanna a d'fhéadfadh an scoláire a iarraidh, tá:

- Cé na foinsí a úsáidfidh mé? Cén chaoi a dtiocfaidh mé ar na foinsí sin? Cuairt ar an leabharlann? Suíomhanna gréasáin? Foinsí eile?
- An bhféadfainn labhairt le duine faoi leith a mbeadh faisnéis aige ar m'ábhar?
- Cén chaoi a dtiocfaidh mé ar fhaisnéis faoi m'ábhar ó na leabhair a d'aimsigh mé? An clár ábhar? Innéacs?
- Cén chaoi a gcoinneoidh mé nótaí d'fhaisnéis nua a aimsím? An gcoinneoidh mé fillteán?

- An féidir liom teacht ar íomhánna físe/ grianghraif/ samhlacha/ léirithe ar an bhfoirgneamh atá roghnaithe agam?

3. **Beachtú**

Ba chóir don scoláire iarracht a dhéanamh a cheisteanna taighde a fhreagairt agus a chuid fionnachtana a chur i láthair i bhfoirm taifid. Is féidir an taifead a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach a mheasann an scoláire bheith oiriúnach. Mar shampla, d'fhéadfaí blag, vlag, alt ar shuíomh gréasáin, póstaer, tuairisc nuachta, agallamh nó cur i láthair le ceannaire baile, a bheith i measc na leaganacha amach sin. D'fhéadfaí meascán de dhá cheann nó níos mó de na leaganacha amach sin a bheith sa taifead. Nuair a fhiosróidh an scoláire na leaganacha amach difriúla de thaifid scríofa is feiliúnaí dá chur chuige féin, cabhróidh sé leis réimse éagsúil na bhfoinsí fianaise scríofa lena mbíonn taighdeoirí ag plé a thuiscint.

D'fhéadfadh gnéithe a chuimsiú sa taifead mar iad seo a leanas:


- Cúlra do pholaitíocht/ shochaí/ chultúr na tréimhse atá i gceist
- Cé a cheadaigh tógáil an fhoirgnimh nó an tionscadail, agus cén fáth ar údaraíodh é?
- Cé na foirgnimh nó na tionscadail eile a cheadaigh an ceannaire céanna?
- Roinnt scéalta suimiúla a thabhairt ó shaol an cheannaire ábhartha
- Na daoine a fhreastalaíonn ar an bhfoirgneamh/ a úsáideann an foirgneamh de ghnáth
- Cúis agus feidhm an fhoirgnimh
- Na gníomhaíochtaí a bhíodh ar siúl ansin agus na cúiseanna le dul chuige
- An chuma atá ar leagan amach an fhoirgnimh- taobh amuigh agus taobh istigh
- An chaoi a bhfuil an foirgneamh léirithe i litríocht nó in ealaín eile ón am.

Moltaí atá anseo; féadfaidh an scoláire a roghnú gnéithe eile a chur san áireamh. Is é an leagan amach a roghnófar a shocróidh freisin nádúr an chuir i láthair a thabharfar- mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh níos mó gnéithe stíle le feiceáil i dtuairisc nuachtáin i gcomparáid le blag. I gcás ar bith, ba cheart go mbeadh léiriú físiúil nó mionsamhail in éineacht leis an taifead a thacaíonn leis an gcur síos ar an struchtúr agus a chuid gnéithe ailtireachta. Moltar freisin gur chóir na foinsí a úsáideadh a lua i leabharliosta ag deireadh an taifid. Ba chóir don scoláire dul i gcomhairle le foinsí éagsúla i rith a thaighde; caithfear úsáid a bhaint as dhá fhoinse ar a laghad, chun a chinntiú go bhfuil feasacht ag an scoláire ar an ngá le lua cuí mar chuid de dhisciplín an taighdeora.

4. **Machnamh**

Ba chóir don scoláire roinnt machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas, idir an méid a foghlaimíodh faoin ábhar agus an taithí ar oibriú mar thaighdeoir. Scríobhfaidh an scoláire nóta machnaimh atá mar aguisín leis na treoirlínte seo. Níltear ag súil go dtaispeánfaidh an scoláire a nótaí machnaimh faoin bpróiseas agus ábhar sa taifead féin, toisc go mbeidh scríobh go stairiúil faoin bhfoirgneamh roghnaithe mar chuspóir ag an leagan amach a roghnófar.

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: *An Róimh, croílár impireachta*





**Na Gnéithe Cáilíochta**

Déantar cur síos ansin ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair *An Róimh, croílár impireachta*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire. Ceapadh na Gnéithe Cáilíochta agus tagairt iontu do na torthaí foghlama ar a bhfuil *An Róimh, croílár impireachta* bunaithe

| **Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Rangbhunaithe 2- taifead agus mionsamhail** | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léiríonn an taifead fianaise ar thaighde cuimsitheach agus tá sé thar a bheith eolach agus géarchúiseach ina thagairtí do nádúr agus do chomhthéacs an fhoirgnimh roghnaithe<br><br>Tacaíonn an mhionsamhail nó an léiriú físiúil a ghabhann leis le cur i láthair an taifid ar chaighdeán an-ard<br><br>Léiríonn cur i láthair agus machnamh an scoláire scileanna cumarsáide agus comhoibrithe atá thar a bheith éifeachtach agus cumas an-bheachtaithe smaoineamh go criticiúil |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i | Léiríonn an taifead fianaise ar thaighde cuimsitheach agus tá sé an-eolach ina thagairtí do nádúr agus do chomhthéacs an fhoirgnimh roghnaithe, agus roinnt léargas á thabhairt |

| | |
|---|---|
| gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Tacaíonn an mhionsamhail nó an léiriú físiúil a ghabhann leis le cur i láthair an taifid ar chaighdeán ard<br><br>Léiríonn taifead agus machnamh an scoláire scileanna cumarsáide agus comhoibrithe atá éifeachtach agus cumas beachtaithe smaoineamh go criticiúil |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Léiríonn an taifead fianaise ar thaighde cuimsitheach agus tá sé réasúnta eolach ina thagairtí do nádúr agus do chomhthéacs an fhoirgnimh roghnaithe<br><br>Tacaíonn an mhionsamhail nó an léiriú físiúil a ghabhann leis le cur i láthair an taifid ar chaighdeán maith<br><br>Léiríonn taifead agus machnamh an scoláire scileanna cumarsáide agus comhoibrithe agus cumas smaoineamh go criticiúil |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Léiríonn an taifead fianaise theoranta ar thaighde agus níl sé eolach ina thagairtí do nádúr ná do chomhthéacs an fhoirgnimh roghnaithe<br><br>Ní thacaíonn an mhionsamhail ná an léiriú físiúil a ghabhann leis le cur i láthair an taifid ar chaighdeán maith<br><br>Ní léiríonn taifead ná machnamh an scoláire mórán scileanna cumarsáide ná comhoibrithe agus ní léiríonn siad cumas smaoineamh go criticiúil |

## Na chéad chéimeanna eile: *An Róimh, croílár impireachta*




## An Tasc Measúnaithe

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Léann Clasaiceach. Is fiú 10% de na marcanna an Tasc Measúnaithe a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, *An Róimh, croílár impireachta.*

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar leibhéal comónta agus cuirfear cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfear. Tá dhá chéim sa Tasc Measúnaithe: ar an gcéad dul síos, dul i ngleic le hábhar spreagthach chun ullmhú don tasc scríofa; agus ar an dara dul síos, machnamh a dhéanamh ar a thaithí ag cur *An Róimh, croílár impireachta* i gcrích agus scríobh faoi.

Is é cuspóir an spreagthaigh ná plé agus machnamh ag an scoláire ar a thaithí féin a spreagadh agus a chothú. Is spreagadh é dá chuid machnaimh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-iarrtar ar an scoláire sa Tasc Measúnaithe a dhéantar sa 3ú Bliain léargais a thabhairt ar a thaithí phearsanta féin ar an Measúnú Rangbhunaithe. Ní iarrtar ar an scoláire scríobh faoin spreagthach.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe **roinnt** de na nithe seo a leanas nó **gach ceann díobh**:

- Plé le **spreagthach gearr** i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa.
- **Tasc scríofa** ina dtástálfar an scoláire i réimsí mar iad seo a leanas:
    - a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar *An Róimh, croílár impireachta*
    - a chumas machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas taighde, breithiúnais staire a dhéanamh bunaithe ar fhianaise agus scileanna eile a thaispeántar i rith na hoibre ar *An Róimh, croílár impireachta*
    - na smaointe atá aige faoin tionchar a bhí ag a thaithí ar *An Róimh, croílár impireachta* ar a mheon agus ar a chuid luachanna
    - a léirthuiscint ghinearálta do nádúr an domhain chlasaicigh.

Lena n-áirítear an taithí atá aige ar an ábhar spreagthach, tógann an Tasc Measúnaithe tréimhse rang dúbailte nó tréimhse dhá rang aonair, (m.sh. 80 nóiméad ar a laghad) le cur i gcrích. Ba chóir an chéad tréimhse ranga a chaitheamh ar an bplé leis an ábhar spreagthach a chuireann CNCM ar fáil, agus ar mhachnamh an scoláire ar *An Róimh, croílár impireachta* mar ullmhúchán chun an leabhrán freagraí a

chomhlánú. Líonfar isteach an leabhrán freagraí sa dara tréimhse. Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán pro-forma agus cuireann an scoil leabhráin chomhlánaithe an scoláire le haghaidh an Taisc Measúnaithe, mar aon le scripteanna an scrúdaithe deiridh, ar aghaidh de réir na socruithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe seo i ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe, *An Róimh, croílár impireachta,* a chur i gcrích. Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse ranga lena chur i gcrích a roghnú, agus aithneofar tréimhse seachtaine amháin nach mór don scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe lena linn.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba cheart don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh sa Léann Clasaiceach.

Beidh samplaí de Thascanna Measúnaithe, ábhair spreagthacha agus treoirlínte maidir leis an gcaoi leis an Tasc Measúnaithe a reáchtáil agus a bhainistiú i rith dhá thréimhse ranga ar fáil ag www.curriculumonline.ie.

## Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Coinneoidh gach scoil nó gach roinn aonair atá ag plé leis an ábhar sampla beag den obair a chuirtear isteach chun tacú le próiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar le haghaidh *An Róimh, croílár impireachta* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir Léinn Chlasaicigh amháin, mura bhfuil ach múinteoir Léinn Chlasaicigh amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Coinneoidh an múinteoir samplaí arís den saothar le haghaidh *An Róimh, croílár impireachta* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann aghttps://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá.

Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair na scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d'Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html

### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh *An Róimh, croílár impireachta* a úsáid le tacú le foghlaim an léinn chlasaicigh. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas faoi láidreachtaí obair an scoláire, agus faoi réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú lena fhoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi

aiseolas a úsáid le fáil aghttps://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim.

**Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar *An Róimh, croílár impireachta*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

## Measúnú Rangbhunaithe 2, snáithe 3: *Punann teanga an scoláire*

Lean an staidéar ar an tsean-Ghréigis agus an Laidin ar aghaidh mar dhisciplín a raibh ardmheas air agus ab ansa le daoine thar na céadta, mar chuir an dá teanga lárnach chlasaiceach sin bonn ar fáil do chuid mhór de smaointeoireacht agus de shibhialtacht an iarthair. Cé go dtugann an léann clasaiceach go ginearálta deis don scoláire léargais luachmhara a fháil ar nádúr agus ar mhéid an tionchair a bhí ag an tSean-Ghréig agus an tSean-Róimh san oiread sin réimsí de shaothar agus d'éachtaí an duine, tugann staidéar ar na teangacha clasaiceacha léargas uathúil ar an gcaoi a léiríonn an teanga creidimh, luachanna agus ionchais mhuintir na Gréige agus na Róimhe.

Trí staidéar a dhéanamh ar an tsean-Ghréigis nó ar an Laidin cuirtear ar chumas an scoláire éifeachtacht na teanga clasaicí roghnaithe a mheas mar mheán cumarsáide inti féin, lena struchtúr, foirm agus modhanna léirithe ar leith. Tugann an staidéar seo deis don scoláire, áfach, léargais níos luachmhaire fós a fháil trína thuiscint a dhoimhniú ar an tionchar a bhí ag an teanga chlasaiceach ar an mBéarla agus ar theangacha Eorpacha eile. Ar an gcaoi chéanna, méadaíonn staidéar ar theanga chlasaiceach léirthuiscint an scoláire ar an litríocht shaibhir agus leathan sa teanga sin, agus an tionchar a bhí aici ar fhorbairt litríocht an iarthair. Mar an pointe tábhachtach deireanach, feabhsaítear rannpháirtíocht an scoláire i ngnéithe eile den tsonraíocht mar atá léirithe i Snáithe 1 (*Miotas agus an Saol laethúil)* mar gur féidir leis a chuid eolais ar a theanga roghnaithe a chur i bhfeidhm chun a thuiscint ar an miotas agus an saol laethúil a bheachtú ar bhealaí géarchúiseacha agus caolchúiseacha.

Sa chomhthéacs sin, tugann Measúnú Rangbhunaithe 2: *Punann teanga an scoláire* deis don scoláire an méid a d'fhoghlaim sé ina theanga chlasaiceach roghnaithe a léiriú chomh maith le tábhacht na teanga sin i gcoitinne trí phunann teanga a chruthú agus a fhorbairt i gcaitheamh na dtrí bliana den tsraith shóisearach. Cuimseoidh an phunann raon leathan téacsanna i leaganacha amach agus seánraí difriúla agus le spriocanna foghlama difriúla a léireoidh in éineacht a chéile a chuid foghlama doimhne ina theanga agus faoina theanga, agus a thionchar agus a chomhthéacs domhain, le linn a rannpháirtíochta sa chúrsa.

Chun críocha an mheasúnaithe, roghnóidh an scoláire trí phíosa óna phunann agus cuirfidh sé i láthair iad lena measúnú ag an am ainmnithe i dtreo dheireadh na tríú bliana. Bainfidh na píosaí a bheidh le roghnú leis na catagóirí seo a leanas:

- Píosa amháin a bhaineann le sealbhú teanga
- Píosa amháin a bhaineann le téacsanna dílse (buntéacs Gréigise nó Laidinise a bhaineann le ré, seánra nó leagan amach ar bith)
- Píosa amháin a bhaineann leis an tsibhialtacht chlasaiceach – ní mór go gcuimseodh an píosa seo comhpháirt teanga ach ní gá díriú ar an teanga roghnaithe amháin

Is féidir leis an scoláire obair a dhéanamh ar théacsanna éagsúla atá san áireamh sa phunann, ina aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Ach, is é an obair a rinne an scoláire féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú. Áit a raibh ról ag níos mó ná scoláire amháin sna téacsanna a chuirtear i láthair lena measúnú, mar shampla, téacs fuaime comhoibritheach nó dialóg ó dhráma, is é obair an scoláire aonair a ndéanfar measúnú uirthi. Déanfaidh an scoláire machnamh freisin ar an bpróiseas a bhí i gceist chun an phunann a chur i dtoll a chéile agus a choimeád agus a chuid téacsanna a roghnú trí nóta machnaimh a scríobh.

Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe le hobair an scoláire i Measúnú Rangbhunaithe 2: *Punann teanga an scoláire*

Baineann an Measúnú Rangbhunaithe seo go leathan leis na torthaí foghlama atá leagtha amach sa staidéar ar Shnáithe 3: Comhpháirt na teanga clasaicí. Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar nádúr agus leagan amach na dtéacsanna a roghnófar le measúnú:


| **Snáithe 3: Comhpháirt na teanga clasaicí** |
| --- |
| **Gné: Scéalta a léamh agus léirithe a fhiosrú**<br>***Téacsanna Laidine nó Sean-Ghréigise a thuiscint agus taitneamh a bhaint astu*** |
| 3.1 an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint<br>3.2 an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint<br>3.3 faisnéis shonrach a shainaithint i dtéacsanna ar thopaicí coitianta<br>3.4 buntéacsanna liteartha a phlé lena chomhscoláirí<br>3.5 aistriúcháin chruinne, anótáilte agus athruithe de réir mar is gá, a dhéanamh go neamhspleách ar abairtí agus ar shleachta nach bhfuil ró-chasta ar thopaicí coitianta<br>3.6 focail, frásaí agus abairtí shimplí a fhuaimniú le dóthain cruinnis agus tuin chainte chuí go dtuigfí é<br>3.7 focail agus frásaí coitianta a bhaineann le réimsí ábhartha agus intuigthe a aithint (nuair atá sé ag éisteacht)<br>3.8 stór focal agus rialacha gramadaí a fhiosrú trí bheith ag scríobh, ag críochnú agus ag athrú frásaí agus abairtí simplí<br>3.9 scrúdú a dhéanamh ar an méid is féidir linn a fhoghlaim ón teanga faoi róil shóisialta, gnásanna agus luachanna an tsaoil laethúil<br>3.10 acmhainní teanga atá ar fáil trí mheáin éagsúla a shainaithint agus a fhiosrú lena chomhscoláirí |
| **Gné: Struchtúir, patrúin, luachanna agus idé-eolaíochtaí a anailísiú**<br>*Feasacht teanga agus scileanna anailíseacha a fhorbairt* |
| 3.11 patrúin teanga amhail cineáil focal, athrú tuine, feidhmeanna gramadaí, ord na bhfocal agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid<br>3.12 réasúnaíocht loighciúil a mhíniú ar an léirmhíniú áirithe a dhéanann sé ar fhrása nó ar abairt<br>3.13 sainmhíniú a oibriú amach d’fhocail agus leaganacha focal nach bhfaca sé cheana trí nasc a fháil idir na focail sin agus focail agus leaganacha focal atá ar eolas aige agus an comhthéacs ina bhfuil siad<br>3.14 an chaoi a bhféadfadh rogha focal, comhréir, gramadach agus struchtúr téacs athrú de bharr seánra, cuspóra agus comhthéacs a aithint, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaidís athrú le himeacht ama<br>3.15 comparáid a dhéanamh idir gramadach agus stór focal na sprioctheanga agus iad sin i dteangacha eile atá aige, agus naisc agus idirdhealuithe á ndéanamh de réir mar is cuí<br>3.16 sanasaíocht focal i nua-theangacha a thagann ón Laidin nó ón tSean-Ghréigis a iniúchadh<br>3.17 monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a chumas féin sa teanga agus ar straitéisí foghlama teanga ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais<br>3.18 comhoibriú lena chomhscoláirí chun acmhainní foghlama teanga a chruthú agus iad a roinnt |

Snáithe 3: Comhpháirt na teanga clasaicí

# Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *Punann teanga an scoláire*

Leagtar amach i bhFíor 6 thíos an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé leis an scoláire Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích.

*Fíor 6: An próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh*




**Ábhair a d'fhéadfaí a roghnú don taighde**

Tá na príomhchuspóirí seo a leanas i gceist le *Punann teanga an scoláire:*

- Deis a thabhairt don scoláire díriú ar an bpróiseas chun teanga chlasaiceach a fhoghlaim
- Deis a thabhairt don scoláire spriocanna foghlama pearsanta a leagan síos agus chun tabhairt faoi fhoghlaim teanga agus machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim
- A iniúchadh ar na naisc idir an teanga chlasaiceach agus an cultúr clasaiceach a fhorbairt agus a thaifeadadh.

Ba cheart na tosaíochtaí sin a choimeád i gcuimhne agus an scoláire i mbun an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtosaítear leis an bpunann agus lena forbairt chomh luath is a thugann an scoláire faoi shnáithe 3, mar sin ón uair a thosaíonn sé ag foghlaim na teanga, ba cheart go mbeadh deis ag an scoláire an méid a fhoghlaimíonn sé a léiriú i leaganacha amach éagsúla, a d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a chuimsiú:

- Amhrán nó neamónach le cabhrú le foircinn na mbriathra nó ciall na dtuiseal a mheabhrú
- Teaghlaigh focal le cabhrú chun stór focal na Laidine agus/ nó sanasaíocht na Gaeilge nó an Bhéarla a aithint
- Téacsanna i nGaeilge nó i mBéarla a anailísíodh agus inar aithníodh focail a bhfuil fréamhacha na Gréigise/ na Laidine leo
- Dialóg sa teanga chlasaiceach
- Straitéis chun dul i ngleic le téacsanna sa teanga chlasaiceach a aistriú go Gaeilge nó Béarla

- Tráchtaireacht ar an teanga atá i dtéacs dílis a ndearnadh staidéar air sa teanga chlasaiceach
- Píosa gairid a cumadh i gcineál téacs a bhaineann leis an tseanteanga (mar shampla, mana teaghlaigh, píosa graifítí nó feartlaoi).


Moltar don scoláire raon leathan agus éagsúil de chineálacha téacs a chuimsiú, mar iad siúd, chun a chinntiú go dtabharfaidh a phunann neart roghanna éagsúla dó agus é ag roghnú na dtrí chineál téacs atá le cur i láthair don mheasúnú.

Leis an mbéim ar thaighde neamhspleách ba chóir go spreagfaí an scoláire bheith samhlaíoch ina thaighde.

**Mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, ba cheart don scoláire an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Spriocanna foghlama a shainaithint don teanga chlasaiceach agus punann oibre a chur i dtoll a chéile i gcaitheamh trí bliana
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a phunann le linn an ama atá leithdháilte don Mheasúnú Rangbhunaithe.
- Téacsanna a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don mheasúnú agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar éirigh leis maidir lena spriocanna foghlama a bhaint amach
- Trí théacs a roghnú de réir na gcritéar roghnúcháin atá leagtha amach ar lch x de na treoirlínte seo
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas chun teanga chlasaiceach a fhoghlaim agus teacht ar chonclúidí maidir leis an méid a d'fhoghlaim sé i ndáil leis na spriocanna a bhí leagtha amach.

## Ag ullmhú: *Punann teanga an scoláire*




**Ullmhúchán an scoláire**

Ba cheart go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir gaolmhara sa chúrsa Léinn Chlasaicigh (Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: Miotas; Snáithe 1: An Chroí-chomhpháirt: An saol laethúil agus Snáithe 3: Compháirt na teanga clasaicí) sula

dtéann sé i ngleic leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Punann teanga an scoláire.* Ba chóir go mbeadh deiseanna tugtha dó chun téacsanna sa Laidin nó sa tSean-Ghréigis a fhiosrú agus a léirthuiscint agus scileanna feasachta agus anailíse teanga a fhorbairt ar leibhéal atá oiriúnach dá aois agus do chéim na foghlama. Ba chóir leas a bhaint as deiseanna teagaisc i Snáithe 1 a bhaineann leis an Miotas agus an Saol laethúil a thacaíonn leis an bhfoghlaim seo, chun foghlaim teanga a threisiú agus tacú léi. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama thar gach snáithe staidéir, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna rialta ag an scoláire chun scileanna a fhorbairt agus a thaispeáint a chabhróidh leis tabhairt go rathúil faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: *Punann teanga an scoláire.*


Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire freisin meastóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn agus foghlaim ó am go chéile i rith a chuid oibre, mar shampla, trí nótaí pearsanta, irisí machnaimh nó plé ranga lena chomhscoláirí nó leis an múinteoir. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba cheart é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go gcuirfeadh an scoláire eolas ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

**Ullmhúchán an mhúinteora**


Ba cheart don mhúinteoir, agus é ag ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 2, eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht do Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí
- Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d’obair scoláirí.

## An Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: *Punann teanga an scoláire*




Cuirfear an Measúnú Rangbhunaithe, *Punann teanga an scoláire,* i gcrích in imeacht trí seachtaine. Tosóidh an próiseas chun punann a fhorbairt agus a choimeád, áfach, nuair a thosóidh an scoláire ag obair ar shnáithe 3. Is é a bheidh i gceist leis an Measúnú Rangbhunaithe ná cabhrú leis an scoláire le téacsanna oiriúnach a roghnú um measúnú agus machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama. Rachaidh an scoláire i ngleic leis an Measúnú Rangbhunaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint. Leagtar amach na ceithre chéim sin i bhFíor 6:




Fíor 6: Próiseas an scoláire chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: *Punann teanga an scoláire*

Moltar an bhéim ar smaoineamh a thógáil ó cheapadh go cur i gcrích a raibh taithí ag an scoláire uirthi agus é ag obair ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1 mar rud atá oiriúnach freisin chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Tá an próiseas ceithre-chéime atá leagtha amach thíos ceaptha le tacú leis an scoláire chun an aidhm sin a bhaint amach. Tugann an scoláire faoi ghníomhartha mar:

- a chuid oibre a mheasúnú go criticiúil
- breithiúnais a dhéanamh faoi na cineálacha téacsanna is oiriúnaí don mheasúnú
- machnamh a dhéanamh ar phróiseas na foghlama teanga a ndeachaigh sé i ngleic leis i gcaitheamh trí bliana agus na léargais a fuair sé/an méid a d'fhoghlaim sé
- measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcreideann sé gur éirigh leis a spriocanna foghlama a bhaint amach

- taifead a dhéanamh ar a iniúchadh ar naisc idir foghlaim teanga agus foghlaim faoin domhan clasaiceach i gcoitinne.




1. **An scóip a mheas**

**Ba chóir na pointí seo a leanas a mheas:**

Is é atá i gceist leis an scóip a mheas ná suirbhé leathan a dhéanamh ar an raon ábhair óna bhféadfaí ábhar a roghnú. Chun críocha Measúnaithe Rangbhunaithe 2, is é a bheidh i gceist leis ná an raon téacsanna a cruthaíodh thar thrí bliana a mheas a roghnófar trí cinn astu. Áirítear leis na ceisteanna a d'fhéadfadh cabhrú le bonn eolais a chur faoin bpróiseas chun an scóip a mheas, i measc ceisteanna eile:

- Cad iad na téacsanna difriúla atá agam i mo phunann? An féidir liom iad a rangú de réir cineálacha agus téamaí áirithe?
- Cé na spriocanna foghlama a leag mé amach dom féin ag amanna difriúla nuair a bhí mé ag forbairt agus ag coimeád mo phunainne? Cé na téacsanna atá nasctha leis na spriocanna foghlama sin?
- An bhfuil téacsanna a raibh mé ag obair orthu le comhscoláire nó i ngrúpa a sheasann amach?
- An bhfuil téacsanna áirithe a bhfuilim bródúil astu?
- An bhfuil téacsanna ann a rinne mé a athoibriú agus a athdhréachtú bunaithe ar chomhairle an mhúinteora agus a chabhraigh go mór le m'fhoghlaim?
- An bhfuil samplaí de chineálacha mar: Dialóga? Mana teaghlaigh? Inscríbhinn ar uaigh? Cartún?

2. **Cruth a chur air**

Is é atá i gceist le cruth a chur air ná trí théacs oiriúnacha a shainaithint a mheasann an scoláire gurb iad na cinn is oiriúnaí don mheasúnú.

Ní mór don scoláire bheith cúramach lena chinntiú go roghnaítear na téacsanna mar seo a leanas:

- Téacs amháin a bhaineann le sealbhú teanga
- Téacs amháin a bhaineann le téacsanna dílse
- Téacs amháin a bhaineann le sibhialtacht chlasaiceach ach a bhfuil comhpháirt teanga san áireamh ann

I measc na gceisteanna a d'fhéadfadh an scoláire a iarraidh, tá:

- Téacs a bhaineann le sealbhú teanga
    - Cad iad na cineálacha téacs a d'fhorbair mé a léiríonn mo cuid foghlama sa teanga?
    - An bhfuil téacsanna i mo phunann a thaispeánann cén chaoi ar fhoghlaim mé focail nua, ar fhorbair mé mo stór focal?
    - An bhfuil téacsanna agam a thaispeánann mé ag scríobh frásaí, abairtí, sleachta i mo rogha teanga clasaicí?
    - An bhfuil téacsanna agam a thaispeánann mo chuid foghlama i rialacha na gramadaí agus na teanga?
- Téacsanna a bhaineann le téacsanna dílse
    - Cé na téacsanna dílse a raibh mé ag plé leo i mo phunann?
    - Cad iad na téacsanna a d'fhorbair mé a léiríonn mo thuiscint ar théacsanna dílse i dteanga chlasaiceach?
    - An bhfuil téacsanna agam a thaispéanann go raibh mé ag smaoineamh ar théacs dílis, go raibh mé ag déanamh anailíse air, nó go bhfuil léirthuiscint agam dó?
- Téacs a bhaineann le sibhialtacht chlasaiceach
    - Cad iad na téacsanna a d'fhorbair mé a léiríonn mo thuiscint ar an tsibhialtacht chlasaiceach?
    - An bhfuil gné áirithe de na téacsanna sin ag baint leis an teanga chlasaiceach?

### 3. Beachtú


Agus é ag beachtú agus ag cur i láthair a chuid oibre, ba chóir go mbeadh an scoláire sásta go léiríonn gach ceann de na trí théacs atá roghnaithe aige a chuid foghlama agus go mbaineann siad leis na spriocanna foghlama a sainaithníodh. Chuige sin d'fhéadfadh sé ceisteanna mar seo a mheas:

- Cén uair ar chuir mé an téacs seo i gcrích?
- Cén réimse foghlama a chuir comhthéacs ar fáil don téacs seo?
- An ndearna mé an téacs seo a athdhréachtú tar éis aiseolais a fháil ón múinteoir?
- Ar chomhoibrigh mé le comhscoláirí ar an téacs seo nó an é mo chuid oibre féin é?

**4. Machnamh**

Ba chóir go mbeadh an próiseas ar thug an scoláire faoi mar ábhar an mhachnaimh. Ba chóir don scoláire machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin teanga chlasaiceach sna téacsanna roghnaithe agus ar an taithí ar phróiseas na foghlama. Scríobhfaidh an scoláire nóta machnaimh atá mar aguisín leis na treoirlínte seo. Féadfaidh an scoláire a mhachnamh faoin bpróiseas a thaispeáint i nótaí a dhéantar sa téacs féin le linn dréachtaithe nó trí ghníomhú de réir aiseolais ón múinteoir nó ó phiaraí.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: *Punann teanga an scoláire*





**Na Gnéithe Cáilíochta**

Déantar cur síos thíos ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair *Punann teanga an scoláire*. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire. Ceapadh na Gnéithe Cáilíochta agus tagairt iontu do na torthaí foghlama ar a bhfuil *Punann teanga an scoláire bunaithe.*

| Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú Rangbhunaithe 2- Punann teanga an scoláire | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léiríonn téacs an scoláire leibhéal an-ard de smacht agus de chumas maidir le miondifríochtaí na teanga clasaicí a léirthuiscint<br><br>Léiríonn téacs agus machnamh an scoláire feasacht chriticiúil shofaisticiúil ar an bpróiseas foghlama teanga a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis<br><br>Gabhtar tuiscint an scoláire ar shibhialtacht agus ar chultúr clasaiceach le cruthaitheacht agus máistreacht den scoth sa téacs |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Léiríonn téacs an scoláire leibhéal ard de smacht agus de chumas maidir le miondifríochtaí na teanga clasaicí a léirthuiscint<br><br>Léiríonn téacs agus machnamh an scoláire feasacht chriticiúil láidir ar an bpróiseas foghlama teanga a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis<br><br>Gabhtar tuiscint an scoláire ar shibhialtacht agus ar chultúr clasaiceach le leibhéal ard cruthaitheachta agus máistreachta sa téacs |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Léiríonn téacs an scoláire leibhéal maith de smacht agus de chumas maidir le miondifríochtaí na teanga clasaicí a léirthuiscint<br><br>Léiríonn téacs agus machnamh an scoláire roinnt feasachta criticiúla ar an bpróiseas foghlama teanga a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis<br><br>Gabhtar tuiscint an scoláire ar shibhialtacht agus ar chultúr clasaiceach le roinnt cruthaitheachta agus máistreachta sa téacs |

| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | |
|---|---|
| Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Léiríonn téacs an scoláire bearnaí sa leibhéal de smacht agus de chumas maidir le miondifríochtaí na teanga clasaicí a léirthuiscint<br>Ní léiríonn téacs ná machnamh an scoláire mórán feasachta ar an bpróiseas foghlama teanga a ndeachaigh an scoláire i ngleic leis<br>Ní ghabhtar tuiscint an scoláire ar shibhialtacht agus ar chultúr clasaiceach le cruthaitheacht ná máistreacht sa téacs |

## Na chéad chéimeanna eile: *Punann teanga an scoláire*




## An Tasc Measúnaithe

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit sa Léann Clasaiceach. Is fiú 10% de na marcanna an Tasc Measúnaithe a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Punann teanga an scoláire.*

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar leibhéal comónta agus cuirfear cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfear. Tá dhá chéim sa Tasc Measúnaithe: ar an gcéad dul síos, dul i ngleic le hábhar spreagthach chun ullmhú don tasc scríofa; agus ar an dara dul síos, machnamh a dhéanamh ar a thaithí ag cur *Punann teanga an scoláire* i gcrích agus scríobh faoi.

Is é cuspóir an spreagthaigh ná plé agus machnamh ag an scoláire ar a thaithí féin a spreagadh agus a chothú. Is spreagadh é dá chuid machnaimh. Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-iarrtar ar an scoláire

sa Tasc Measúnaithe a dhéantar sa 3ú Bliain léargais a thabhairt ar a thaithí phearsanta féin ar an Measúnú Rangbhunaithe.  Ní iarrtar ar an scoláire scríobh faoin spreagthach.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe **roinnt** de na nithe seo a leanas nó **gach ceann díobh**:

- Plé le **spreagthach gearr** i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc le hullmhú don tasc scríofa.
- **Tasc scríofa** ina dtástálfar an scoláire i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
    - a chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar *Phunann teanga an scoláire*
    - a chumas machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama bunaithe ar fhianaise agus scileanna eile a thaispeántar i rith na hoibre ar *Phunann teanga an scoláire.*
    - a mhachnamh faoin tionchar a bhí ag a thaithí ar *Phunann teanga an scoláire*
        - ar a dhearcadh agus ar a ionchais.
        - a léirthuiscint ghinearálta do nádúr an domhain chlasaicigh.

Lena n-áirítear an taithí atá aige ar an ábhar spreagthach, tógann an Tasc Measúnaithe tréimhse rang dúbailte nó tréimhse dhá rang aonair, (m.sh. 80 nóiméad ar a laghad) le cur i gcrích. Ba chóir an chéad tréimhse ranga a chaitheamh ar an bplé leis an ábhar spreagthach a chuireann CNCM ar fáil, agus ar mhachnamh an scoláire ar a thaithí ar *Phunann teanga an scoláire.*

Líonfar isteach an leabhrán freagraí sa dara tréimhse.  Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán pro-forma agus cuireann an scoil leabhráin chomhlánaithe an scoláire le haghaidh an Taisc Measúnaithe, mar aon le scripteanna an scrúdaithe deiridh, ar aghaidh de réir na socruithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe seo i ndiaidh an dara Measúnú Rangbhunaithe, *Punann teanga an scoláire,* a chur i gcrích*.*

Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse ranga lena chur i gcrích a roghnú, agus aithneofar tréimhse seachtaine amháin nach mór don scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe lena linn.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba cheart don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh sa Léann Clasaiceach. Beidh samplaí de Thascanna Measúnaithe, ábhair spreagthacha agus treoirlínte maidir leis an gcaoi leis an Tasc Measúnaithe a reáchtáil agus a bhainistiú i rith dhá thréimhse ranga ar fáil ag www.curriculumonline.ie.

## Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Coinneoidh gach scoil nó gach roinn aonair atá ag plé leis an ábhar sampla beag den obair a chuirtear isteach chun tacú le próiseas an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar le haghaidh *Punann teanga an scoláire* a úsáidfidh sé i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Cé go bhfuil sé níos éasca an próiseas seo a eagrú i scoil ina bhfuil níos mó ná múinteoir Léinn Chlasaicigh amháin, mura bhfuil ach múinteoir Léinn Chlasacaigh amháin sa scoil, moltar go bpléifeadh an múinteoir sin na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo. Féadfaidh an múinteoir agus a chomhghleacaithe dul i mbun pleanála agus dáta a shocrú maidir leis an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Arís, coinneoidh an múinteoir samplaí den saothar i dtaca le *Punann teanga an scoláire* lena bplé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann aghttps://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá.

Tar éis an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne sé ar obair an scoláire, bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an obair ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil maidir le *Punann teanga an scoláire* a úsáid le tacú le foghlaim sa Léann Clasaiceach. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas faoi láidreachtaí obair an scoláire, agus faoi réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú lena fhoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim

### Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na tuairisceoirí a bhronntar ar *Phunann teanga an scoláire*, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

**Aguisín A: Nóta Machnaimh an Scoláire**

<table>
<tr><td colspan="3">MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE:</td><td colspan="3">Teideal:</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cérbh iad na rudaí ba dhearfaí faoi mo thaithí ar oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo?</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cérbh iad na príomhdhúshláin a bhí romham?</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cén ghné de mo chuid foghlama faoin ábhar ba shuntasaí dar liom?</td></tr>
<tr><td colspan="6">Cad a d’fhoghlaim mé faoi phróiseas na foghlama agus mé ag forbairt mo chuid oibre don mheasúnú?</td></tr>
<tr><td colspan="2">Scoláire:</td><td colspan="2">Múinteoir:</td><td colspan="2">Dáta:</td></tr>
</table>

# Aguisín B: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeáin agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht oibre a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

## Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeáin agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad seo a leanas cuspóirí an phróisis athbhreithnithe:

- comhleanúnachas níos mó i mbreithiúnas na múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- breithiúnais a ailíniú níos fearr leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo,
- agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeáin agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Rothlófar an ról sin i measc na múinteoirí ábhartha.

Beidh gach cruinniú:

- bainteach go sonrach le hábhar ar leith
- thart ar dhá uair an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar
a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a thagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba cheart a chur i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar obair an scoláire a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## Roimh an gcruinniú

Mar chéad chéim, b'fhéidir gur mhaith le múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt de shamplaí anótáilte ábhartha CNCM sula dtagann siad ar chinntí maidir le hobair a gcuid scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus
ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a theastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

## I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín 1). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba cheart aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba cheart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba cheart don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba cheart díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba cheart díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann 'ar an iomlán' don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur cheart am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba cheart don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.

- Más féidir, ba cheart dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba cheart don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais*, *Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre gearr ar na príomhphointí ón bplé.
- Tá sé tábhachtach go ndéanfadh an múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh i rith an chruinnithe maidir leis an gcuid eile d'obair an scoláire a ndearna siad measúnú air cheana féin, go háirithe i gás tuairisceoirí nuair nach raibh a mbreithiúnas ag teacht le tuairim mhóramh na múinteoirí ag an gcruinniú.

## I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha.

Tar éis an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, seolann an t-éascaitheoir isteach a thuairisc ón gcruinniú, ag díriú ar thorthaí an phlé ar obair an scoláire ag an gcruinniú, agus cuireann sé isteach chuig príomhoide na scoile é.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, roinnt d'obair scoláirí a chur le taisce samplaí:

- Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- Chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Chun iad a úsáid in éineacht le scoláirí agus le tuismitheoirí chun léiriú a thabhairt ar chaighdeán na hoibre a bhaintear amach.

## Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuairisc an Éascaitheora

| **Ábhar:** | **Dáta/am:** |
|---|---|
| **Daoine i láthair** | |
| **Na príomhchinntí a rinneadh** | |
| **Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo** | |
| **Aon cheo eile?** | |
| Éascaitheoir<br><br>Dáta | |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Meán Fómhair 2019